Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10957 — CURA / GENERALI / T-C PEP PROPERTY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 462/09)

1. An 25 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— KG CURA Vermögensverwaltung G.m.b.H. & Co. ("CURA", an Ghearmáin),

— Generali SCF S.à r.l. ("Generali", Lucsamburg),

— T-C PEP Property S.à r.l. (an "Spriocghnóthas", Lucsamburg).

Gheobhaidh CURA agus Generali rialú comhpháirteach ar an Spriocghnóthas ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá CURA gníomhach i réadmhaoin sna hearnálacha seo a leanas: earnáil na siopadóireachta, earnáil na n-oifigí, an earnáil tráchta, earnáil na n-óstán, an earnáil chónaithe agus an earnáil thionsclaíoch san Eoraip den chuid is mó, agus tá mionghníomhaíochtaí ar bun aige i gCríocha Mheiriceá agus san Áise,

— Tá Generali faoi rialú deiridh ag Assicurazioni Generali S.p.A, máthairchuideachta Iodálach grúpa idirnáisiúnta cuideachtaí atá gníomhach san earnáil árachais agus airgeadais a bhfuil gníomhaíochtaí domhanda ar bun acu,

— is é an Spriocghnóthas an t-úinéir ar réadmhaoin ina bhfuil an PEP Einkaufscenter Neuperlach, ionad siopadóireachta i München na Gearmáine.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10957 — CURA / GENERALI / T-C PEP PROPERTY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË